Parlaimint na hEorpa
2014-2019

Suí iomlánach

A8-0054/2019

30.1.2019

***

MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar cheann an Aontais Eorpaigh
(07979/2018 – C8-0447/2018 – 2018/0095(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: David Martin

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH 8

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH 9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar cheann an Aontais Eorpaigh
(07979/2018 – C8-0447/2018 – 2018/0095(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07979/2018),

– ag féachaint don Dréachtchomhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile (07980/2018),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0447/2018),

– ag féachaint do thuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Bealtaine 2017[1],

– ag féachaint dá rún neamhreachtach an ...[2] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Rialacha 99(1) agus (4), agus do Riail 108(7) de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A8-0054/2019),

1. ag tabhairt a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Shingeapór.

[1] Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2017, 2/15, ECLI:AE:C: 2017:376.
[2] Téacsanna a glacadh, P8_TA(0000)0000.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

In 2014, i bhfianaise inniúlacht eisiach AE ar infheistíocht dhíreach choigríche lena n-áirítear cosaint infheistíochta a fuarthas le Conradh Liospóin, chomhaontaigh AE agus Singeapór forálacha maidir le cosaint infheistíochta agus chuir siad isteach sa chomhaontú saorthrádála (FTA) déthaobhach iad, ar cuireadh inisealacha leis an bhliain roimhe sin. In 2015, chinn an Coimisiúin tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais AE a iarraidh maidir le hinniúlacht AE chun FTA a shíniú agus a chomhaontú é féin nó cibé acu an mbeadh gá le rannpháirtíocht na mBallstát nó nach mbeadh. Eisíodh an tuairim an 16 Bealtaine 2017 agus, ar an mbonn sin, tar éis an phlé a rinneadh idir institiúidí AE maidir leis an struchtúr nua a bheidh ar FTAnna sa todhchaí, roinneadh an comhaontú i gcomhaontú saorthrádála de chuid an Aontais amháin agus i gcomhaontú cosanta infheistíochta measctha.

Ina theannta sin, tar éis do AE a chur chuige nua maidir le cosaint infheistíochta a ghlacadh mar aon lena shásra um fhorfheidhmiú (Córas Cúirte Infheistíochta, ICS) a léirítear sa chomhaontú trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA), chomhaontaigh Singeapór athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha cosanta infheistíochta a ndearnadh caibidlíocht orthu in 2014 agus dá bhrí sin comhaontú a bhí dúnta a athoscailt.

I measc phríomhghnéithe an chomhaontaithe chosanta infheistíochta (IPA) sin, tá:

- Caighdeáin i dtaca le déileáil chóir agus chothrom agus forálacha frith-idirdhealaithe;
- Rialacha maidir le díshealbhú díreach nó indíreach;
- Binse Infheistíochta Céadchéime buan agus Binse Achomhairc a bheidh comhdhéanta de chomhaltaí a cheapfaidh na Páirtithe;
- Ní mór do chomhaltaí na mBinsí saineolas sa dlí idirnáisiúnta poiblí a bheith léirithe acu agus na cailíochtaí is gá a bheith acu chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó chun go mbeidh siad ina ndlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht . Chomh maith leis sin, beidh siad faoi réir rialacha dochta neamhspleáchais, ionracais agus iompraíochta eiticiúla trí chód iompair ceangailteach atá sa chomhaontú;
- Áiritheofar trédhearcacht na n-imeachtaí trí fhoilsiú doiciméad agus éisteachtaí atá ar oscailt don phobal;
- An ceart chun airteagal a rialú lena ndéantar coimirciú ar cheart na bPáirtithe chun bearta a dhéanamh agus chun cuspóirí beartais phoiblí dlisteanacha, amhail sláinte phoiblí agus cosaint an chomhshaoil, a shaothrú; leis sin, ba cheart go ndéanfaí éifeacht an fhuaraithe rialála a theorannú;
- Toirmeasc ar imeachtaí comhthreomhara agus imeachtaí iomadúla;
- Forálacha in aghaidh mhí-úsáid an chórais, amhail rialacha chun éilimh chalaoiseacha nó chúblála a chosc;

- Gealltanas a thug na Páirtithe chun bunú cúirte iltaobhaí infheistíochta (MIC) a shaothrú;

Téann an comhaontú thar na forálacha maidir le cosaint infheistíochta in CETA a mhéid a áirítear ann Binse Achomhairc lánfheidhmiúil, cód iompair do chomhaltaí na mBinsí atá ionchorpraithe sa téacs cheana agus a mhéid atá forálacha maidir le hoibleagáidí iar-bhreithiúna ann.

Is léiriú iad na gnéithe nua ar ráiteas 36 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le cosaint infheistíochta agus an ICS a rinneadh i gcomhthéacs an chinnidh ón gComhairle chun síniú CETA a údarú agus a cuireadh isteach i miontuairiscí na Comhairle ag an am sin (IO L11 Imleabhar 60, 14 Eanáir 2017).

Tá sé tábhachtach a chur in iúl go láidir go gcuirfear an comhaontú seo in ionad na gconarthaí déthaobhacha infheistíochta atá ann cheana idir 13 Bhallstát de chuid AE agus Singeapór. Tá na conarthaí sin bunaithe ar fhorálacha cosanta infheistíochta atá as dáta agus tá réiteach díospóide idir infheisteoirí agus an stát (ISDS) iontu atá conspóideach.

Mar sin féin, ar an drochuair, níl gach ceann de na forálacha maidir le hoibleagáidí infheisteoirí sa chomhaontú. Measann an rapóirtéir, ar thaobh amháin, má tá sé dlisteanach cosaintí dár n-infheisteoirí i dtríú tíortha a áirithiú gur cheart, ar an taobh eile, do AE a áirithiú go mbeadh caighdeáin cheangailteacha maidir le freagracht shóisialta chorparáideach agus, ar bhonn níos ginearálta, oibleagáidí i ndáil le hurraim do chearta an duine mar chuid de chomhaontaithe cosanta infheistíochta

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Comhaontú Cosanta Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Shingeapór, den pháirt eile
Tagairtí	07979/2018 – C8-0447/2018 – COM(2018)0194 – 2018/0095(NLE)
Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoiliú	19.10.2018
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 22.10.2018
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	David Martin 16.5.2018
Pléite sa choiste	4.12.2017 10.7.2018 5.11.2018 3.12.2018
Dáta an ghlactha	24.1.2019
Toradh na vótála críochnaithí	+: 26 –: 11 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maria Arena, David Campbell Bannerman, Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Eleonora Forenza, Karoline Graswander-Hainz, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Yannick Jadot, France Jamet, Jude Kirton-Darling, Bernd Lange, David Martin, Emmanuel Maurel, Anne-Marie Mineur, Sorin Moisă, Godelieve Quisthoudt-Rowohl, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Joachim Starbatty, Adam Szejnfeld, William (The Earl of) Dartmouth, Jan Zahradil
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Syed Kamall, Frédérique Ries, Fernando Ruas, Paul Rübig, Pedro Silva Pereira, Ramon Tremosa i Balcells, Jarosław Wałęsa
Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	José Blanco López, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Jozo Radoš, Kārlis Šadurskis, Jasenko Selimovic, Mihai Ţurcanu, Anna Záborská
Dáta don chur síos	30.1.2019

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

26	+
ALDE	Jozo Radoš, Frédérique Ries, Jasenko Selimovic, Ramon Tremosa i Balcells
ECR	David Campbell Bannerman, Syed Kamall, Joachim Starbatty, Jan Zahradil
EFDD	William (Iarla) Dartmouth,
PPE	Salvatore Cicu, Santiago Fisas Ayxelà, Christophe Hansen, Teresa Jiménez-Becerril Barrio, Sorin Moisă, Godelieve Quisthoudt-Rowohl, Fernando Ruas, Paul Rübig, Kārlis Šadurskis, Adam Szejnfeld, Mihai Ţurcanu, Jarosław Wałęsa, Anna Záborská
S&D	José Blanco López, Bernd Lange, David Martin, Pedro Silva Pereira

11	-
ENF	France Jamet
GUE/NGL	Eleonora Forenza, Emmanuel Maurel, Anne-Marie Mineur, Helmut Scholz
S&D	Maria Arena, Karoline Graswander-Hainz, Jude Kirton-Darling, Joachim Schuster
VERTS/ALE	Heidi Hautala, Yannick Jadot

0	0

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh